léargas

NUACHT NA SEIRBHÍSE OIDEACHAIS

AN SAMHRADH '10

Uimh. 16

Fáilte chuig Eagrán an tSamhraidh de Nuacht na Seirbhíse Oideachais. Is í 2010 an Bhliain Eorpach um Chomhraic na Bochtaine agus an Eisiamh Shóisailta. Is féidir leat féin agus le do scoil páirt a ghlacadh ar iliomad slí: tograí, deiseanna forbartha gairmiúla agus líonraí, mar shampla, agus mórán roghanna eile nach iad. Tá siad go léir ar fáil tríd na cláir éagsúla atá á mbainistiú ag Léargas.

2010 European Year for Combating Poverty and Social Exclusion

San eagrán seo cuirimid béim ar chuid de na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl i gComenius, in eTwinning, i gCláir na gCuairteanna Staidéir, Lá Eorpach na dTeangacha agus an Séala Eorpach Teanga.

Deiseanna Eorpacha Inseirbhíse

Cuireann oiliúint inseirbhíse de chuid Comenius ar chumas múinteoirí agus ball foirne oideachais eile freastal ar chúrsaí oiliúna a leanann ar aghaidh ar feadh sé seachtainí ar a mhéid mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil. D'fhéadfadh cruth cosúil leo seo a leanas a bheith ar an oiliúint:

- cúrsa struchtúrtha d'fhoireann oideachais.
- scáthú poist nó socrúchán i scoil nó in eagraíocht a bhfuil baint aici le hoideachas
- cómhdháil nó seiminéar Eorpach a eagraíonn an Líonra Comenius, Togra Comenius Ilthaobhach, Gníomhaireacht Náisiúnta (m. sh. Léargas) nó cumann Eorpach creidiúnach atá ag obair i réimse an oideachas scoile.

Ní mór dul faoin oiliúint i dtír Eorpach incháilithe eile i ngach cás.

Is é an chéad spriocdháta eile i gcomhair na gníomhaíochta seo ná an **15 Meán Fómhair 2010**. Tosóidh na gníomhaíochtaí ar an 01 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh sin.

Nóta: caithfidh gach imeacht oiliúna tosú faoin 30 Aibreán 2011 ar a dhéanaí.

www.leargas.ie/comenius

Breithlá Shona do eTwinning

eTwinning

Sea, ní chreidfeá é ach tá a chúigiú lá breithe á cheiliúradh ag eTwinning i mbliana! Tá 90,000 scoileanna, nach mór, rannpháirteach sa chlár seo a chuireann ar chumas scoileanna ar fud na hEorpa comhoibriú lena chéile trí Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a úsáid.

Rinneadh an-chuid athruithe suimiúla i gcaitheamh na gcúig bliana atá imithe. Thionscain eTwinning Imeachtaí Foghlama arlíne (ceardlanna simplí ar ábhair éagsúla a lean ar aghaidh ar feadh seachtaine), cuireadh gnéithe nua le deasc eTwinning agus rinneadh athchóiriú iomlán ar an TwinSpace!

Ar an leibhéal Eorpach táthar ag eagrú sraith ceardlanna d'Fhorbairt Ghairmiúil Leantach gach aon bliana scoile i gcónaí. Áirítear orthu seo láitheoireachtaí le saineolaithe ábhair agus ceardlanna teagmhálacha a bhaineann le huirlisí eTwinning agus le modhanna éagsúla oideolaíochta.

Is é Léargas an tSeirbhís Tacaíochta Náisiúnta (STN) do eTwinning in Éirinn. Má tá aon cheisteanna agat faoi eTwinning, déan teagmháil le **etwinning@leargas.ie** nó cuir glaoch ar 01 887 1206.

Radharc a fháil ar an nGné Eorpach de Thionscnaimh Chomhionannais san Oideachas

Bhí Siobhán Magee ar Oifigeach Tacaíochta san tSeirbhís Tacaíochta um Breisoideachas í, rannpháirteach i gcuairt Staidéir dar theideal *Intercultural Education and Social Inclusion: The New European House* (Oideachas Idirchultúrtha agus Cuimsiú Sóisialta: An Teach nua Eorpach) i dTaranto na hIodáile i mí na Nollag 2009. Tá cur-síos déanta aici anseo thíos ar a bhfaca sí:

Roghnaigh méan cúrsa áiritheseod'fhonn cur le próiseas forbartha acmhainní a bhí curtha i gcrích ag an tSeirbhís Tacaíochta um Breisoideachas chun cabhrú le Soláthraithe Breisoideachais riachtanais i dtaobh comhionannais a chur i ngníomh. I gcaitheamh na cúirte seo a mhair ar feadh cúig lá rinne an lucht rannpháirtíochta plé thairbheach i ngrúpaí agus bhí an deis ag gach aoinne a ghlac páirt láithreoireacht a dhéanamh ar thionscnaimh oideachais agus ar thionscnaimh idirchultúrtha ina thír nó ina tír féin.

Bhí 11 rannpháirtí ó 11 bhallstát sa ghrúpa. Ba ó chúlraí gairme éagsúla dóibh go raibh Údaráis Oideachais Náisiúnta, Gníomhaireachtaí Náisiúnta um Dhearbhú Feabhais, Ollscoileanna, Coláistí Breisoideachais agus Gníomhaireachtaí a bhfuil Idirchultúrachas agus Grúpaí Mionlaigh mar chúram acu ina measc. Áiríodh Comhtháthú Teanga, Cuimsiú Sóisialta agus Oideachas speisialta ar na réimsí a dtugadh aire faoi leith orthu.

Bhí ár n-óstaigh san Iodáil fial flaithiúil linn agus cuireadh fáilte is fiche romhainn sna Scoileanna/Coláistí agus sna hIonaid Oideachais a dtugamar cuairt orthu. Bhuaileamar le teagascóirí agus le foghlaimeoirí ó réimse an bhreisoideachais, ón dara leibhéal agus ón chéad leibhéal. Chomh maith leis sin d'fhreastalaíomar ar chomhdháil fhoirmiúil faoi Oideachas Idirchultúrtha agus Chuimsiú Sóisialta.

Deis iontach ab ea í eolas a fháil ar na córais chomhionannais atá curtha ar bun i mballstáit eile den AE. Rachaidh na nithe atá foghlamtha agam i bhfeidhm ar gníomhaíochtaí na Seirbhíse Tacaíochta um Breisoideachais.

Is í is cuspóir do Chlár na gcuairteanna Staidéir ná tacú le forbairt beartas tacaíochta agus comhoibriú maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil ar an leibhéal Eorpach. Féadann rannpháirtithe oiread is seachtain a chaitheamh i dtír Eorpach agus rudaí a fhoghlaim faoi chleachtaí nua agus faoi mhodhanna nua san oideachas. Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le **studyvisits@leargas.ie** cuir glaoch ar Ivanna D'Arcy ag 01 887 1258.

www.leargas.ie/studyvisits

NUACHT NA SEIRBHÍSE OIDEACHAIS

Nollaig na Gearmáine ag teacht go Carna!

Is deimhin le Gráinne Coyne, ar múinteoir Gearmáinise í i Scoil Phobail Mhic Dara i gCarna i gCo. na Gaillimhe, go dtéann sé go mór chun tairbhe an mhic léinn má chaitheann sé nó sí tréimhse ama sa tír a bhfuil a teanga á foghlaim aige/aici. De bhrí go bhfuil siad rannpháirteach i gComhpháirtíocht Scoileanna Comenius bhí daltaí óna scoil in ann a gcuid scileanna Gearmáinise a fheabhsú trí obair chumarsáide agus tionscadail lena scoil chomhpháirtíochta sa Ghearmáin. Bhí malartú ag gabháil leis an gcomhpháirtíocht a chuir ar chumas na ndaltaí a bheith tumtha sa spriocthéanga ar feadh deich lá. Fuair na daltaí léargas níos fearr ar na tairbhí a fhéadfar a bhaint as teanga iasachta a fhoghlaim agus fuaireadar léirthuiscint ar nósanna agus ar thraidisiúin na tíre comhpháirtíochta.

Thárla an chomhpháirtíocht leis an Goethe-Gymnasium sa Ghearmáin de thoradh ar mhalartú múinteoirí idir an dá scoil. Bhí fonn mór ar phríomh-oidí agus ar fhoirne na scoileanna seo tabhairt faoi thogra fad-théarmach. Tá cur-síos déanta ag Gráinne ar ghníomhaíochtaí an togra anseo thíos:

Ba é an chéad rud a chuireamar ar bun ná malartú ríomhphost i dtreo go bhféadfadh na daltaí aithne a chur ar a chéile. Thugamar faoi thograí ar chórais scoile na Gearmáine agus na hÉireann, ar thraidisiúin Oíche Shamhna san dá thír agus chuir na daltaí Gearmánacha roinnt eolais i dtoll a chéile faoi Lá Aontachta na Gearmáine. Tháinig na daltaí Gearmánacha agus beirt dá múinteoirí go Carna i dtosach mí na Nollag 2009 agus d'fhanadar ann ar feadh 10 lá. D'eagraíomar dianchlár ranganna agus imeachtaí agus bhí Aonadh Nollag againn sa scoil (aonach traidisiúnta a chuirtear ar siúl sa Ghearmáin roimh Nollaig). Thug na daltaí cártaí Nollag dá chéile agus rinne siad togra faoin Nollaig in Éirinn agus sa Ghearmáin. Thaistil daltaí Scoil Phobail Mhic Dara go dtí an Gearmáin i mí na Márta 2010 agus socraíodh a leithéid céanna de chlár ranganna agus imeachtaí dóibh. Ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig sa scoil sa Ghearmáin agus bhí bia thraidisiúnta na hÉireann ar fáil. Cuireadh maisiúcháin ghlasa ar an scoil agus léirigh ár ndaltaí ceol, amhánaíocht agus rince Éireannach. D'fhoghlaim na daltaí Gearmánacha roinnt amhrán Éireannach agus beagáinín den rince sean-nós i gcomhair na hócáide. Rinne na daltaí taighde ar nósanna agus ar thraidisiúin na Cásca san dá thír agus anuas air seo tá fillteán d'oidis Ghearmánacha agus Éireannacha churtha le chéile againn.

Deir Gráinne go bhfuil an togra ag déanamh maitheas do na daltaí agus don bhfoireann agus go deimhin don bpobal áitiúil ar fad mar thaitin an *Weihnachtsmarkt* go mór leo! Is dóigh léi gurb iad eagrúchán maith agus cumarsáid mhaith na nithe is tábhachtaí chun a chinntiú go n-éireoidh le comhpháirtíocht. Tá i gceist ag an gcomhpháirtíocht leanúint ar aghaidh agus tuilleadh cuairteanna ó dhaltaí agus ó bhaill foirne a eagrú chuig an dá thír sa bhliain scoile seo chugainn. Tá ar intinn acu foilseachán beag faoina n-eispéireas a chur le chéile, chomh maith.

Seimineáir Theagmhála Comenius atá romhainn i 2010

Dáta	Téama	Láthair	Atá dírithe ar?
30 Meán Fómhair - 03 Deireadh Fómhair	Comenius Regio Seminar	Taillinn, An Eastóin	Ionadaithe ó údaráis áitiúla nó ó údaráis réigiúnacha a bhfuil feidhm acu in oideachas scoile
14-17 Deireadh Fómhair	"MINT" - Mathematics, Informatics, Natural Sciences and Techniques	Herrsching, An Ghearmáin	Múinteoirí ó ardleibhéal na mbunscoileanna agus ó mheánscoileanna
27-31 Deireadh Fómhair	Education for the Environment	Potoroz, An tSlóivéin	Múinteoirí ó naíonraí agus ó bhunscoileanna
01-05 Nollaig	International cooperation between schools for children and youngsters with special needs	Alden Biesen, An Bheilg	Múinteoirí ó scoileanna do pháistí a bhfuil sainriachtanais acu

Lá Eorpach na dTeangacha 2009

Is tionscnamh de chuid Comhairle na hEorpa é Lá Eorpach na dTeangacha agus déantar é a cheiliúradh gach bliain ar an 26 Meán Fómhair ó 2001 i leith. I 2009 reáchtáil Léargas dhá chomórtas chun an Lá a cheiliúradh: comórtas Póstaéir agus Sluaghairme agus comórtas gearrthóg físeáin. Fuaireamar a lán iarrataisí ó scoileanna agus roghnaigh giúiré neamhspleách trí físeáin rathúla agus póstaér rathúil amháin.

Támid á n-ullmhú féin i gcomhair Lá Eorpach na dTeangacha 2010 cheana. Mar sin coinnigh súil ar ár suíomh idirlín chun gach eolas a fháil ar chomórtaisí atá chughainn.

Cuirtear searmanas bronnta don Séala Eorpach Teanga ar siúl ar Lá Eorpach na dTeangacha gach bliain. Bronntar an dámhachtain seo ar thograí ina dtáinig an lucht rannpháirtíochta ar mhodhanna cruthaitheacha chun múineadh teanga a fheabhsú, chun daltaí a spreagadh agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil dóibh. An bhliain seo chaite reáchtáileadh an searmanas i Farmleigh i mBaile Átha Cliath. Ba iad an tOllamh David Crystal agus Ardmhéara Bhaile Átha Cliath, an Chomhairleoir Emer Costello, a bhronn na dámhachtainí ar na buaiteoirí. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar **www.leargas.ie/ell** nó déan teagmháil le **languages@leargas.ie**

European Language Label
An Séala Eorpach Teanga